

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**GAEILGE**

**DON TEASTAS SÓISEARACH**

**TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ**

# An Teastas Sóisearach

## Aidhmeanna agus Prionsabail

1. Is é aidhm ghinearálta an oideachais oibriú ar mhaithe le gach gné den duine aonair a shaothrú. Ar na gnéithe sin áirítear an ghné aestéitiúil, chruthaitheach, léirmheastach, chultúrtha, mhothálach, intleachtúil, mhorálta, fhisiceach, pholaitiúil, maraoin le forás spioradálta agus sóisialta le haghaidh a shaoil phearsanta, sa teaghlach agus ar láthair na hoibre, agus le haghaidh maireachtála imeasc an phobail agus le haghaidh caitheamh aimsire.
2. Is é aidhm an Teastais Shóisearaigh
  - An t-eolan, an tuiscint, na scileanna agus na hinniúlachtaí a thugann an dalta leis ón mbunscoil a dhaingniú agus a shaothrú a thuilleadh;
  - Raon agus cineál eispéireas oideachais na ndaltaí, ó thaobh eolais, tuisceanna, scileanna agus inniúlachtaí a leathnú agus a dhoimhniú;
  - Iontaoibh an dalta as féin, maraon le hiontaoibh sóisialta, cumas tionscnaimh agus inniúlachta, a chothú le cabhair oideachais ghinearálta atá leathan agus meáite;
  - An dalta a ullmhú le haghaidh riachtanas cláracha breise staidéir, fostaíochta nó an tsaoil lasmuigh d'oideachas lánaimsearch;
  - Forás morálta agus spioradálta an dalta a chothú agus cabhrú leis teacht ar thuiscint ar luacha agus are chreideamh daoine eile maraon le meas a bheith aige orthu;
  - Na daltaí a ullmhú le haghaidh cúraimí an tsaoránaigh ina dtír féin agus i gComhphobal na hEorpa.
3. Tá na prionsabail seo a leanas mar bhonn le clár an Teastais Shóisearaigh.
  - é a bheith leathan agus meáite: ba cheart go dteagmhódh na daltaí le réimse leathan eispéireas oideachais le linn na tréimhse deireanaí dá gcuid

scolaíochta éagantaí. Ba cheart cúram faoi leith a dhéanamh do dhaingniú agus de shaothrú scileanna uimhríochta, litearthachta agus labharthachta. Ba cheart treise faoi leith a chur le hoideachas sóisialta agus timpeallachta, le heolaíocht agus le teicneolaíocht agus le nuatheangacha.

- ábharthacht: ba cheart go ndíreodh an curaclam ar ghar-riachtanais agus ar chianriachtanais an dalta ó thaobh na timpeallachta cultúrtha, eacnamaícha agus sóisialta.
- fiúntas: ba cheart go n-éilofaí ar gach dalta na céimeanna feabhais is airde is féider leis a bhaint amach, ag cur infheidhmeacht agus cumas san áireamh, maraon le caighdeáin idirnáisiúnta inchomórtais.

Ba cheart go soláthródh an curaclam réimse leathan eispéireas oideachais i dtimpeallacht a chrughaíonn cothú agus múnúlú. Ba cheart go mbainfeadh sé brí astu seo a leanas; an aeistéitic, an chruthaíocht, an eitic, teangeolaíocht, matamaitic, an saol fisiceach, an eolaíocht agus an teicneolaíocht, an saol sóisialta agus polaitiúil, an imshaol agus an saol spioradálta.

Cuirtear gach siollabas le haghaidh an Teastas Shóisearaigh i láthair chun go ndéanfaí é a theagasc sa gcomhthéacs curaclaim atá leaghta amach thuas.

(1)

## **BROLLACH**

Aithnítear go bhfuil gá le treoirlinnte chun cuidiú le múinteoirí na siollabais nua don Teastas Sóisearach a fheidhmiú. Tá na treoirlinnte seo á n-eisiúnt anois chuig scoileanna mar chuid de chlár níos leithne tacaíochta. Is mian leis an Aire Oideachais a chur in iúl gur mór aici an saothar atá ar siúl ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ag baill na gcoistí cúrsaí éagsúla, ag na hOifigigh Oideachais a ceapadh faoin gComhairle agus ag a thuilleadh a chuidigh le forbairt na n-ábhar seo, go háirithe ag Cigirí a Roinne agus acu sin a chuir i láthair agus a ghlac páirt ins na cúrsaí inseirbhise a tionóladh san Earrach 1989.

Ní rialacháin do-bhogtha atá sna treoirlinnte seo. Tá saorchead ag gach múinteoir an mhodheolaíocht teagaisc is fearr lei(s) féin a roghnú d'fhonn na cuspóirí ar leith agus na torthaí inmhianaithe as gach siollabas nua a thabhairt chun críche. Tairgeann na treoirlinnte seo roinnt moltaí a d'fhéadfadh cuidiú sa mbreis a thabhairt do mhúinteoirí. Tá aire ar leith á thabhairt do réimsí eolais, tuisceana, scileanna, coincheapa agus dearcaidh a leagann an siollabas nua níos mó treise orthu ná mar deineadh go n-uige seo.

Sa chomhthéacs sin, síltear gur fiú béim a leagan ar roinnt gnéithe tábhachtacha ar chóor dóibh tionchar a bheith acu ar mhúineadh agus ar fhoghlaim an tsiollabais nua:-

- Nuair atá gach siollabas á mhúineadh ba choir go dtabharfaí aird go comhfhíosach ar na haidhmeanna ginearálta atá ag clár an Teastais Shóisearaigh (féach laistigh den chlúdach tosaigh). Is iomaí deis atá ann le nascadh tras-churaclaim a dhéanamh; ba chóir leas a bhaint astu seo trí mhúinteoirí a bheith ag pleanáil i dteannta a chéile agus trí thionscaint ó mhúinteoirí aonair.
- Le linn cleachtadh múinteoireachta ba cheart go leagfaí béim ar na himpleachtaí eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha a ghabhann le ballraíocht na hÉireann sa Chomhphobail Eorpach agus na dushláin agus na deiseanna a chuireann sé seo ar fail i gcómhthéacs níos leithne saoránachta. Sa chiall seo tá

tábhacht ar leith ag baint le hábhair mar Staidéar Gnó, agus Stair agus Tíreolaíocht ach ba cheart go mbeadh an ghné Eorpach seo ina chuid lárnach de mhúineadh gach ábhair.

- maidir leis an Tíreolaíocht agus an Eolaíocht, tá sé tábhachtach go ndéileálfai an mhodh cothromaithe le ceisteanna a bhaineann leis an timpeallacht, ar thaobh amháin, an gá atá leis an timpeallacht nádúrtha a chaomhnadh agus a chosaint, agus ar an taobh eile, na héilimh dhlisteanacha a thagann ó fhorbairt eacnamaíoch agus gníomhaíocht tionsclaíoch.

Níl sna treoirínte seo ach cuid amháin de chlár iomlán tacaíocht do mhúinteoirí. Mar shampla, tá sé ar intinn go ndireoidh cúrsaí inseirbhise aird ar chuid mhaith ceisteanna a thagann chun solais ins na treoirínte seo.

Rachaidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta i gComhairle le Cumainn na n-Abhar ar leith féachaint conas a b'fhearr a d'fhéadfaidís leathnú agus forbairt a dhéanamh ar réamhliostaí de thagairtí agus lucht teagmhála atá curtha i dtoll a chéile ag coistí na gcúrsaí, agus iad a thabhairt suas chun dáta. Imeasc na dtagairtí seo bheadh leabhair, físeáin, pacáistí teagaisc, bogearraí ríomhairí agus ábhar eile dá leithéidí sin; comhairlitear do mhúinteoirí dul i dteagmháil lena gCumainn Abhar ar leith le haghaidh a thuilleadh eolais.

## An Clár

1.	Cúlra	7
2.	Struchtúr an tSiollabais	8
3.	Eagrú Ranga: Obair bheirte/Obair ghrúpa	10
4.	Cluastuiscint	16
5.	Léitheoireacht	21
6.	Scríbhneoireacht	26
7.	Prós agus Filíocht	29
8.	Ábhair Staidéir Bhreise	29
9.	Aonad Múinteoireachta	30

(Nóta: Áit ar bith a luaitear “é” do dhalta nó múinteoir is intuigthe “í” chomh maith)

## 1. Cúlra

- 1.1 Is chun cabhrú le múinteoirí an Siollabas Nua Gaeilge don Teastas Sóisearach a chur i bhfeidhm a cuireadh na nótaí anseo thíos i dtoll a chéile. Fágann an siollabas nua an-chuid saoirse ag an múinteoir na modhanna múinte is fearr a oireann dó féin a úsáid sa seomra ranga. Beidh an deis ag múinteoirí modhanna múinte nua a iniúchadh agus a fhorbairt. Tá cuid mhór oibre déanta ar na modhanna seo cheana féin i gcás na nua-theangacha eile in Eirinn agus i gcás teangacha éagsúla ar fud an domhain. Spléachadh ar chuid den obair seo agus ar theicníochtaí múinteoireachta atá anseo. Táthar ag súil go rachaidh sé seo chun tairbhe do na múinteoirí ach nach bhféachfar ar na treoirlínte mar threoracha dochta a bhainfidh ó shaoirse an tsiollabais. Ní dhéantar tagairt anseo ach do theicníochtaí nua ach, ar ndóigh, tá an-chuid den chleachtas seanbhunaithe ann a bheidh in úsáid fós agus na cúrsaí nua á múineadh. Ar deireadh thiar braithfidh éifeacht an tsiollabais ar chumas proifisiúnta an mhúinteora.
- 1.2 Sa siollabas seo tá an-bhéim ar úsáid na teanga. Tá sé d'aidhm ag an múinteoir deiseanna a chur ar fáil don dalta ionas gur féidir leis an teanga a úsáid chun é féin agus a saol a chur in iúl, an méid is mó den teanga sa timpeallacht a aithint agus a thuiscint, a aird a dhíriú ar bhealaí le cur lena thuiscint agus lena úsáid agus é a thabhairt i dtáthí ar léitheoireacht sa Ghaeilge. Chuige seo ní mór, i gcónaí gach iarracht a dhéanamh chun go mbeidh comhthéacs suimiúil nó réadúil le suíomhanna cumarsáide na ndaltaí. Caithfear a thuiscint mach leor cleachtadh teanga chun daltaí a chur á húsáid. Is féidir a bheith ag athrú agus ag cleachtadh struchtúr go deo ach mura dtugtar comhthéacs úsáide do dhaltaí, ní dhéanfaid siad a gcuid féin de na struchtúir úsáideacha seo choíche. Más mian linn struchtúir ghramadaí a chleachtadh, ní foláir iad a bheith ceangailte go dlúth leis an gcumarsáid atá againn. Féachtar mar sin ar struchtúir theanga agus gramadaí mar áiseanna chun cabhrú linn muid féin a chur in iúl.

## 2. **Struchtúr an tSiollabais.**

- 2.1 Tosaíonn an siollabas le haidhmeanna agus cuspóirí ginearálta agus ansin legtar síos an réimse teanga a mbeidh gá leis chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Tá an réimse teanga seo teoranta agus leagtha síos go beacht, dá brí sin, táthar ag súil leis go dtabharfaidh cuid mhaith de na hiarrthóirí a thabharfadh faoin Meánteistiméireacht bunchúrsa nó faoin Teastas Grúpa faoi mar atá i láthair na huair, faoin gcúrsa don ardleibhéal (Teastas Sóisearch) ó 1992 amach. Ar an gcúis chéanna táthar ag súil go bhféadfaidh gach dalta sa tír cúrsa a leanúint agus scrúdú a sheasamh a oirfidh dá chumas.
- 2.2.1 In aon chúrsa múinteoireachta beidh na haicmí éagsúla teanga atá sa siollabas fite fuaite ina chéile agus beidh na feidhmeanna céanna in úsáid arís agus arís eile i gcomhthéacsanna éagsúla. Is féidir le cúrsa a eagrú mórthimpeall ar aon cheann de na haicmí – na feidhmeanna, na nóisín nó na topaicí. Tá léaráid A, mar shampla, bunaithe ar thopaic. A luaithe is a bheadh topaic eile idir lámha bheadh cuid mhór de na feidhmeanna céanna ag teacht chun tosaigh arís. Tá modh eagrúcháin eile léirithe i léaráid B. Sa chás seo tá an t-aonad bunaithe ar fheidhm. Chlúdófaí an réimse céanna teanga ba chuma cé acu den dá mhodh eagraithe a bheadh in úsáid.



## Léaráid A

Topaic	Feighmeanna (samplaí)	Nóisin (samplaí)	Gníomhaíocht (samplaí)
Leathanta Saoire (6.6)	1. Bualadh le daoine daoine (4.2) 2. Ag scaradh (4.3) 3. Coinne a dhéanamh (4.4) 4. Duine nó rud a aithint (4.5) 5. Cur síos a dhéanamh (4.7) 6. Dearcadh duine a lorg (4.11) 7. Dearcadh a chur in iúl etc. (4.12)	Teocht (5.3.13) Minicíocht (5.3.8) Am (5.3.7) Méid (5.3.6) Gluaiseacht (5.3.5) Tarlú (5.3.3) Suíomh etc. (5.3.4)	Ag socrú na laethanta saoire (3.20) Ag lorg lóistín (3.22) Rudaí a cheannach (3.4) Ag filleadh abhaile (3.9) etc

## Léaráid B

Feidhm	Topaicí (samplaí)	Nóisin (samplaí)	Gníomhaíocht (samplaí)
Tuairim a thabhairt/ a lorg	1. Caitheamh aimsire (6.3) 2. An Scoil (6.2) 3. Bia, deoch (6.5) 4. Eagrais sa cheantar (6.7) 5. Eadaí agus faisean (6.14) 6. Postanna agus slite beatha etc. (6.10)	Tarlú (5.3.3) Suíomh (5.3.4) Am (5.3.7) Teocht (5.3.13) Luach (5.3.17) Gaolta etc. (5.3.20)	Ag fiosrú/ag ríomh eachtra (3.3) Ag obair sa ghairdín (3.10) Ag siopadóireacht (3.11) Ag plé ceoil/ cluichí (3.18) Ag socrú laethanta saoire (3.20) Ag lorg lóistín etc. (3.22)

### Comhtháthú na Scileanna

In aon aonad múinteoireachta b'innholta na scileanna éagsúla teanga a fhorbairt i dteannta a chéile. D'fhéadfaí, mar shampla, an t-ábhar a chur i láthair trí fhístéip a thaispeáint nó ábhar taifeadta a sheinm agus cleachtaí oiriúnacha a bhunú air sin. D'fhéadfaí comhrá ranga nó comhrá beirte a bhunú ar an ábhar céanna. Más mian leis an múinteoir píosa léitheoireachta bunaithe ar an ábhar céanna a dhéanamh ansin beidh cuid mhór den bhunfhoclóir ag na daltaí sula dtosaíonn said ar an léitheoireacht

in aon chor. Is fearr an scríbhneoireacht a cheangal leis an ábhar céanna ionas nach mbeidh daltaí ag léamh faoi thopaic amháin agus ag scríobh faoi cheann eile ar fad. Tá na scileanna ar fad ag brath ar a chéile agus is fearr iad a fhorbairt i dteannta a chéile.

### **3 Eagrú Ranga**

- 3.1 Tá athrú béime ar ról an mhúinteora intuigthe sa siollabas. Ní leor feasta don mhúinteoir bheith ina dháileoir eolais. Caithfidh sé bheith ina bhainisteoir ranga ag eagrú agus ag stiúradh gníomhaíochtaí éagsúla foghlama. Caithfidh sé atmaisféar a chothú sa rang ina mbeadh sé nádúrtha an Ghaeilge a úsáid.

Chuirge seo níor mhór dó/di féachaint ar na slite is oiriúnaí chun na daltaí a spreagadh. Caithfear, freisin, ábhair theagaisc oiriúnacha a sholáthar don rang.

- 3.2 Obair bheirte/Obair ghrúpa

Is iomaí saghas ceachta is féidir a dhéanamh trí obair bheirte agus obair ghrúpa. Tá sé níos deacra, áfach, ranganna den saghas seo a eagrú ná an gnáthrang. Bíonn an baol ann i gconaí go mbeidh daltaí glórach agus nach mbeidh said ach ag cur a gcuid ama amú. Chun an baol sin a sheachaint níor mhór.

- (a) tasc cinnte a bheith ag gach dalta agus a fhios aige go maith cad atá le déanamh aige sula dtosaíonn sé.
- (b) tréimhse ghearr a bheith ag an dalta chun an tasc a chríochnú. Má théann sé i bhfad tá baol ann go rachaidh sé i leimhe.
- (c) toradh cinnte le bheith ag an dalta ag deireadh na hoibre, m.sh. cárta a bheith líonta isteach, nótaí a bheith dhéanta, eolas áirithe a bheith faighte 7rl,

Seo roinnt buntáistí a ghabhann le hobair ghrúpa/obair bheirte.

- Cuirtear leis an méid Gaeilge a úsáideann an dalta sa rang
- Cabhraíonn sí go mór le scileanna úsáide teanga a chothú ionas go mbeidh líofacht níos fear ag daltaí.
- Cabhraíonn sí le daltaí straitéisí cumarsáide a fhorbairt, m.sh. conas teacht timpeall ar dheacrachtaí chun iad féin a chur in iúl nuair nach bhfuil an focal nó an nath oiriúnach acu. Seo cuid de na straitéisí is minicí a úsáidtear:
  - focal nó nath eile a úsáid atá gar don choincheap (“sneachta” in áit “clocha sneachta”)
  - cur síos a dhéanamh ar an rud (“capall baineann” in áit “lair”)
  - cabhair a lorg (Conas a deir tú ....?)
  - an t-ábhar a sheachaint ar fad
- Cuireann sí iachall ar na daltaí a bheith gníomhach sa rang seachas a bheith ag ligean don mhúinteoir an obair ar fad a dhéanamh
- Cothaíonn sí neamhspleáchas iontu mar fhoghlaimoírí, i.e. foghlaimoidh siad óna chéile, piocfaidh said suas nodanna, rachaidh siad sa tseans nuair nach bhfuil siad cinnte, lorgóidh siad eolas agus ní bheidh siad ag brath ar an múinteoir go huile is go hiomlán chun gach rud a mhúineadh dóibh.
- Cothaíonn sí misneach iontu agus muinín astu féin.

### 3.2 Saghsanna tascanna


Obair bheirte nó obair ghrúpa ar bith a dhéanfar, b’fhearr go mbeadh sí mar chuid de cheacht nó d’aonad iomlán. Níor mhiste go mbeadh taithí roimh ré ag na daltaí ar an réimse teanga a bheadh i gceist.

Tá réimse tascanna i measc na samplaí anseo thíos ag dul ó chómhra struchtúrtha atá an-chinnteach go tascanna atá an-scaoilte ó thaobh réimse teanga de. Seo thíos samplaí de théamaí agus de ghníomhaíochtaí a d’fhéadfadh dul leo.

### 3.3 Samplaí d'obair bheirte

#### Comhrá Struchtúrtha (obair bheirte)

Seo sampla de chomhrá réamhdhéanta ach go bhfágtar roinnt roghanna faoi na daltaí féin, m.sh.



Is féidir le dalta amháin taobh amháin den chomhrá a dhéanamh agus an duine eile an taobh eile.

## Rólghlacadh

Is éard atá i gceist le “rólghlacadh” ó thaobh na cainte de ná agallaimh bheaga ina nglacann na daltaí rólanna éagsúla.

Ag lorg rudaí cailte:                      Obair bheirte

- Roinn an rang ina mbeirteanna
- Tabhair dhá chóip de phictiúr éigin do gach beirt
- Ligfidh duine den bheirt (A) air go bhfuil rudaí cailte aige agus ligfidh an duine eile (B) air go bhfuil sé tar éis teacht ar rud a bhí cailte. Ní ceart go bhfeicfeadh A pictiúr B ná vice versa.

Aimsigh na difríochtaí                      (obair bheirte)

Tá pictiúr ag A agus tá ceann eile ag B atá an-chosúil leis ach go bhfuil roinnt miondifríochtaí eatarthu. Caithfidh said na difríochtaí sin a aimsiú gan féachaint ar phictiúr an duine eile (5-10 nóiméad).

Tarraing Pictiúr                      (obair bheirte)

Tá pictiúr os a chomhair ag A agus caithfidh sé cur síos a dhéanamh air ionas go bhféadfadh B an pictiúr a tharraingt gan féachaint ar phictiúr A.

Pictiúr agus Scéal                      (obair bheirte)

Tarraingíonn A pictiúr agus scríobhann sé cuntas ar an bpictiúr sin. Déanann B an rud céanna.

Malartaíonn said na pictiúir ach ní thaispeánann said na cuntas dá chéile.


- Bíonn ar A cuntas a scríobh ar phictiúr B agus vice versa.
- Déantar comparáid idir an dá chuntas ar deireadh.

Earraí Cailte                      (obair bheirte)

- Píocfaidh A cárta suas, féachfaidh sé air (ach ní thaispeánfaidh sé do B é) agus cuirfidh sé ceist ar nós “Gabh mo leithscéal, an bhfaca tú mo mhála in aon

áit?” Ansin piocfaidh B cárta suas. Mura mbíonn mála ar a chárta siúd déarfadh sé “Tá brón orm, ní fhaca” (Ní féidir liom cabhrú leat) Má bhíonn mála aige ar a chárta caithfidh sé ceist a chur mar gheall air: “Cén saghas mála é?” etc

- Má tá said cinnte go bhfuil na cártaí céanna ag an mbeirt acu cuirfidh said an dá chárta le chéile agus fágfaidh said i leataobh iad gan féachaint orthu agus rachaidh said ar aghaidh go dtí an chéad chárta eile.
- Beidh an bua ag an gcéad bheirt a bhíonn críochnaithe.



### 3.4 Samplaí d’Obair Ghrúpa.

#### 3.4.1 An cuimhin leat? (Obair ghrúpa – 5 i ngach grúpa)

- Tá dhá fhoireann de bheirt agus moltóir ann
- Tá pictiúr ag an moltóir agus taispeánann sé don dá fhoireann é ar feadh deich soicind nó mar sin
- Ansin iompaíonn sé an pictiúr agus cuireann sé gach ré ceist ar an dá fhoireann mar gheall air. Faigheann said 2 mharc ar gach freagra ceart agus tá cead acu an cheist a phlé eatarthu.
- Bíonn an bua ag an bhfoireann leis an marc is airde.

### 3.4.2 Suirbhé a dhéanamh

Cén saghas cairr ab fhearr leat?

Grúpaí de chúigear nó seisear.

	Seán	Nóirín	Liam	Bríd	Ciara	Iomlán
SAAB						
BMW						
7 rí.						

- Cuirfidh gach duine na carranna san ord is fearr leis féin trí uimhir a chur ina dhiaidh – 1,2,3,4, 5
- Baileoidh duine amháin an t-eolas trí cheisteanna a chur “Cén marc a thug tú don SAAB?” etc.
- An carr leis an scór is ísle, sin é rogha an ghrúpa
- Is féidir an t-eolas seo a bhailiú ó na grúpaí éagsúla agus rogha an ranga a fháil. D’fhéadfaí an saghas seo eolais a úsáid mar bhunús do rang comhrá nó rólghlactha nó chun greille a dhéanam 7rl.

### 3.4.3 Dátaí Breithe

Nóisean: Am

Topaic: Féilire

- Cuspóirí (1) Go mbeadh said ábalta data breithe duine a lorg – (“Cén dáta breithe atá agat?” “Cén mhí a rugadh tú?”)
- (2) Go rachaidh said i dtaithe ar ghnáthúsáid na teanga sin.

1. Go roinnfeadh na daltaí iad féin i ngrúpaí de réir na míonna a rugadh iad i.e.

Grúpa 1 Mí Eanáir

Grúpa 2 Mí Feabhra 7rl

(Teanga – cén mhí a rugadh tú?)

## 2. (Cúigear i ngach grúpa)

Go rachaidís i línte de réir a n-aoiseanna, i.e. an duine is sine ag barr na líne, an dara duine sa dara háit agus mar sin de. D'fhéadfaí na grúpaí éagsúla a chur i gcomórtas lena chéile.

## 4 **An Chluastuiscint**

Is í an phríomhaidhm atá leis an gcluastuiscint ná a chur ar chumas na ndaltaí brí a bhaint as gnáthchaint agus í á labhairt ag cainteoirí maithe líofa. Tá sé tábhachtach go dtuigfí nach gá in aon chor go dtuigfeadh gach dalta an uile fhocal a chuala sé. Níor chóir a bheith ag ceapadh go sroichfeadh formhór na ndaltaí caighdeán labhartha na gcainteoirí sin ach an oiread. Tá leibhéil éagsúla tuisceana ann agus ag an leibhéal is ísle díobh sin ba chóir go dtuigfeadh na daltaí an t-ábhar cainte, dearcadh na gcainteoirí, mothúcháin na gcainteoirí srl. Ag an leibhéal is airde bheifí ag súil go dtuigfeadh na daltaí an chaint ina hiomláine.

### 4.1 **An Cur Chuige sa Seomra Ranga**

B'fhéarr de ghnath go ndéanfaí an chluastuiscint i gcomhthéacs ceachta iomláin, i.e. go mbainfeadh an t-ábhar cainte le hábhar atá á chioradh ar shlite eile sa rang chomh maith. Bheadh cuid den bhunfhoclóir acu sula gcloisfidís ar an téip é. Tá sé tábhachtach freisin go gcloisfidís píosaí gearra agus go mbeadh an bhrí soiléir ón gcomhthéacs. Ba cheart go mbeadh an oiread nodanna agus ab fhéidir sa chúlra chun an chaint a shoiléiriú agus chun go mbeadh sí chomh nádúrtha agus ab fhéidir é, m.sh. má tá na cainteoirí ag díol is ag ceannach rudaí i siopa ba choir go mbeadh torann airgid nó a leithéid le cloisteáil.

Ba choir go gcuirfeadh múinteoirí na treoracha ginearálta seo a leanas san áireamh agus iad ag gabháil don chluastuiscint sa chéad bhliain ach go háirithe:

1. Ba cheart go mbeadh na míreanna ar an téip an-ghairid



2. Tá sé níos fearr an beagán a dhéanamh go rialta ná a bheith ag iarraidh an-chuid a dhéanamh ó am go chéile.
3. Is féidir le daltaí an-dul chun cinn a dhéanamh sa chuid seo den chúrsa ach an t-ábhar cuí a sholáthar dóibh.

Ba choir go mbeadh an t-ábhar cainte curtha in oiriúint do leibhéal cumais na ndaltaí. Ní dócha, áfach, go dtuigfidís an chaint tar éis éisteacht léi aon uair amháin. Is éard is dóichí ná go mbeadh orthu éisteacht leis an teip dhá uair nó trí ach bheadh tascanna difriúla le déanamh acu gach aon uair. Níor ghá go dtuigfidís ach an cúlra agus b'fhéidir éirim na cainte an chéad uair. Nuair a bheadh an méid sin soiléir d'fhéadfaí dul isteach níos mine sa scéal. Má bhíonn an réamhobair déanta go maith is minic a bhíonn daltaí a bhíonn chun deiridh ag an nGaeilge ó thaobh cumais scríofa nó cumais labhartha de go han-mhaith ag an gcluastuiscint.

#### 4.2 Cleachtaí Cluastuisceana

Sula dtosaíonn an ceacht ba cheart go mbeadh réamheolas éigin ag na daltaí ar an saghas mire atá le teacht, m.sh. go bhfuil beirt ag caint lena chéile nó gur píosa nuachta atá ann nó gur páistí scoile atá ag caint nó eile. D'fhéadfaí na daltaí a ullmhú trí phictiúr a thaispeáint dóibh a léireodh cúlra na cainte. D'fhéadfaí iarraidh orthu a thomhas roimh ré cad iad na heochairfhocail a bheadh ar an téip.

D'fhéadfaí na heochairfhocail a thabhairt dóibh agus iarraidh orthu an chaint atá ar an téip a thomhas roimh ré.

D'fhéadfaí an téipscrip a thabhairt dóibh roimh ré – ach gan na habairtí a bheith san ord ceart. Ansin bheadh orthu éisteacht leis an téip chun an t-ord cuí a aimsiú.

Braithfidh an réamhobair seo i gconaí ar aidhm an cheachta agus ar leibhéal deacrachta an píosa atá ar an téip. Má thugtar cairt cosúil leis an gceann seo thíos do dhaltaí sula gcloiseann said an téip ba cheart go dtuigfidís go raibh

said chun ceathrar dalta a chloisteáil agus iad ag caint faoi ábhair scoile.

(Féach lth.15)

Ainmneacha	An t-ábhar scoile is fearr leis/léi	An fáth

Dá mbeadh an rang ar bheagán Gaeilge níor ghá dóibh ach ainmneacha na gcainteoirí a aimsiú ag an gcéad éisteacht agus iad a chur isteach sna boscaí san ord ceart. Is féidir na hainmneacha a thabhairt dóibh ar lipéid más gá.

Gráinne	Seán	Liam	Nóirín
---------	------	------	--------

Ar an dara héisteacht d'fhéadfaidís na hábhair scoile a aimsiú agus a scríobh isteach sna boscaí. Má tá an rang ábalta chuige d'fhéadfaidís na fáthanna a scríobh isteach iad féin ach mura bhfuil d'fhéadfaí an chuid sin den cheacht a fhágáil ar lár nó lipéid leis na fáthanna scríofa orthu a thabhairt agus bheadh orthu iad a chur sna boscaí cuí.

#### 4.3 Cleachtaí Eile (Vid. Téipscripteanna anseo thíos)

Is iomaí saghas ceachta is féidir le daltaí a dhéanamh fad a bhíonn said ag éisteacht le hábhar téipe, m.sh.

##### 1. Ceisteanna ilroghnacha (Cuir ✓ sa bhosca cuí)

Bhí Brian ag dul isteach sa chathair

Bhí Brian ar an mbothar ar ais ón gcathair

Bhí Brian istigh sa pháirc

2. Fíor nó bréagach

	Fíor	Bréagach
Tá Nóirín ag caint le Cormac	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Ní maith le Nóirín uachtar reoite	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

3. Ceisteanna oscailte

Cén saghas rudaí a thaitnaíonn le Nóirín


4. Eisteacht le scéal ar an téip agus sraith pictiúr a chur san ord ceart de réir an scéil.




A



B



C



D



E



F

An t-ord ceart

1	2	3	4	5	6

- Bóthar a mharcáil ar léarscáil, m.sh. duine ar théip agus é ag cur síos ar thurasanna a rinne sé nuair a bhí sé ar a laethanta saoire.
- Pictiúr a tharraingt. D'fhéadfadh sé seo bheith úsáideach chun réamhfhocail a mhúineadh, m.sh. Tá cófra in aice na fuinneoige, tá bosca taobh thiar den doras, tá leabhar ar an gcathaoir srl.
- Téacs scríofa a léamh ar dtús agus ansin éisteacht le píosa ó théip atá an-chosúil leis. Tá “botúin” ar an téip, áfach, sa mhéid is nach bhfuil sé ag teacht go díreach leis and script. Is é an tasc atá ag na daltaí ná na difríochtaí idir an chaint ar an téip agus an script a aimsiú.

Téipscript  
(Cleachtadh 4.2)

Is mise Liam. Is maith liom an scoil seo agus taitníonn an chuid is mó de na hábhair liom ach is í an ealaín an ceann is fearr liom ar fad. Is breá liom bheith ag péintéireacht sa seomra ranga. Uaireanta tugann an múinteoir chead dúinn dul amach faoin aer agus pictiúir a dhéanamh ansin.

Is mise Gráinne. Ní maith liom Matamaitic ná Eolaíocht in aon chor. Tá Francís agus Gaeilge ceart go leor ach is breá liom Béarla. Taitníonn filíocht thar cionn liom agus bím féin ag iarraidh dánta a chumadh. Deir an múinteoir go mbíonn mo chuidse dánta go han-mhaith. Ba bhreá liom bheith i mo scríbhneoir.

Is mise Siobhán. Is fearr liom Matamaitic ná aon ábhar eile. Bhí mé go maith ag Matamaitic i gcónaí ón uair a bhí mé is rang 1 sa bhunscoil. Faighim A i gcónaí beagnach i ngach scrúdú Matamaitice a dhéanaim. Ba mhaith liom bheith im innealltóir nuair a fhágfaidh mé an scoil.

Is mise Nóirín. Ní maith liom teangacha beag ná mór ach is breá liom eolaíocht. Tá múinteoir an-deas again agus míníon sí gach rud go han-mhaith dúinn. Ba bhreá liom bheith ag obair i saotharlann mar is dóigh liom go bhfuil eolaíocht an-suimiúil.

Cleachtadh 4.3.1

Síle: Dia duit, a Bhriain.

Brian: O Dia is Muire duit a Shíle. Cén chaoi a bhfuil tú?

Síle: Go maith. Cá bhfuil tú ag dul?

Brian: Táim ag fanacht leis an mbus chun dul isteach go lár na cathrach.

Síle: O an bhfuil? Bhí mise istigh sa chathair inné.

Cheannaigh mé péire bróg.

Brian: Bhuel, is chun broga a cheannach atáimse ag dul isteach freisin.....

## Cleachtadh 4.3.2

- A: Dia duit, a Chonchubhair. Caidé mar atá tú?
- B: Go maith, a Nóirín, agus tú féin.
- A: Go breá. An dtiocfaidh tú síos chomh fada leis an siopa liom?
- B: Tiocfaidh. Tá mé chun barra seacláide a cheannach dom féin.
- A: Tá mise chun uachtar reoite a cheannach.
- B: Cé acu is fearr leat seacláid nó uachtar reoite?
- A: O, is fearr liom uachtar reoite. Níl mé ró-thógtha le seacláid chor ar bith.

## 5. Léitheoireacht.

Cé go bhfuil athrú béime sa siollabas ón léitheoireacht agus ón scríbhneoireacht go dtí an chaint ní mór féachaint ar thábhact na léitheoireachta mar áis fhoghlama don Ghaeilge.

### 5.1. Aidhmeanna

Agus muid ag cothú taithí léitheoireachta sna daltaí, níor mhór dúinn i gconaí ár n-aird a dhíriú ar na cineálacha léitheoireachta ar fad a dhéanann daoine agus na dála éagsúla ina mbíonn said ag léámh.

Déantar léitheoireacht

- i) mar theiripe
- ii) mar dheis éalaithe/folaithe ón saol
- iii) mar fhorbairt phearsanta
- iv) mar áis fhoghlama – foclóir, struchtúir
- v) mar dhaingniú ar struchtúir/obair ranga
- vi) mar mheán chun eolas a fháil.

### 5.2 Cothú Muiníne

Agus ábhair léitheoireachta á roghnú, ba cheart smaoinemh gur uirlís í an léitheoireacht a thugann muinín, sólas agus eolas don duine sa saol. Chuige seo, ní mór cumas a chothú sna daltaí i ngach cineál léitheoireachta – ó fhoirmeacha oifigiúla go dtí scéalta grinn – i measc na ndaltaí ionas go

bhféadfaidís a ngnó a dhéanamh gan dua trí Ghaeilge i stat dátheangach. Thuigfidís nach aon chúis náire ná achrainn í úsáid na Gaeilge ach slí nádúrtha amháin chun déileáil leis an saol.

### 5.3 Saghsanna Ábhar Léitheoireachta

1. Comharthaí: Tá go leor comharthaí as Ghaeilge ar fail i mórán gach aon áit sa tír. Ba choir freisin go mbeadh fógraí le feiceáil sna scoileanna agus go n-aithneodh na páistí iad gan dua. Seo samplaí d'fhógraí atá ar fail go forleathan:



2. Treoracha:
  - (a) Ba choir go n-aithneodh gach dalta na gnáththreoracha a bheadh acu sa cheacht Gaeilge.  
- Líon na bearnaí. Píoc amach an ceann corr. Rialacha simplí
  - (b) Ba choir go mbeadh gach dalta ábailta gnáthphóstaeir a léamh – Dioscó sa scoil, cluichí ar siúl, clubanna sa cheantar.
3. Fógraí  
Ba choir go mbeadh gach éinne ábalta brí a bhaint as fógraí simplí. Is féidir iad seo a ghrádú de réir deacrachta.
4. Leabhair thagartha – foclóirí, leabhair i gcomhair tionscadal.
5. Cártaí poist agus Litreacha.

Ba choir go mbeadh gach dalta ábalta teachtaireacht dhíreach ó chárta poist nó ó litir a thuiscint, m.sh. cárta faoi laethanta saoire, faoi cheolchoirm nó imeachtaí éigin a gcuirfeadh daltaí spéis iontu.

## 6. Scéalta.

B'fhearr scéalta beaga nach bhfuil de thábhacht leo ach go léiríonn said pointí gramadaí nó réimse éigin foclóra, a sheachaint. Ba cheart go mbeadh na píosaí taitneamhach iontu féin nó go dtabharfaidís eolas nua éigin don léitheoir. Athraíonn sé seo an bhéim ó struchtúr na teanga go húsáid na teanga.

### 5.4 Modhanna

Braitheann an cur chuige sa rang léitheoireachta ar an saghas ábhair atá le léamh. Uaireanta beidh ar na daltaí an téacs a léamh go mion agus uaireanta eile is leor léitheoireacht ghinearálta. Más treoracha atá ann nó tomhais nó a leithéid beidh tábhacht ar leith le gach aon fhocal nach mór ach, ar an láimh eile, más léitheoireacht ar son pléisiúir atá ann ní gá i gconaí míonscrúdú a dhéanamh ar an téacs fad atá an léitheoir ábalta an bhrí ghinearálta a thabhairt leis. Uaireanta eile ní bheidh le déanamh ag léitheoirí ach súil a chaitheamh ar an téacs go han-tapaídh chun an píosa eolais atá uathu a aimsiú.

Ba cheart go mbeadh réimse leathan de shaghsanna éagsúla léitheoireachta ar fáil le linn an chúrsa. Bheadh aidhmeanna éagsúla ag baint le roghnú stíleanna éagsúla scríbhneoireachta. Braithfidh an cur chuige thar aon rule eile ar aidhm an mhúinteora agus ar an leas a theastaíonn uaidh a bhaint as an bpíosa atá á léamh. Más píosa iriseoireachta atá i gceist, mar shampla, ba leor na fíricí a aimsiú ar dtús. Más fiú breis dua a chaitheamh leis an bpíosa d'fheadfaí gnéithe suntasacha eile de a scrúdú, m.sh. claontacht, cur i láthair fíricí, stíl, struchtúr, nó struchtúir ghramadaí. Más píosa litríochta atá ann, m.sh. gearrscéal nó drama, b'fheidir go mbeadh tábhacht ar leith le habairtí nó le hailt éagsúla agus níor mhór aird na ndaltaí a tharraingt orthu seo.

In aon rang léitheoireachta mar sin ba cheart go dtuigfeadh na daltaí cén saghas téacs atá acu agus cén aidhm atá ag an téacs sin. Moltar an oiread agus is féidir de théacsanna dílse a úsáid i.e. téacsanna atá suimiúil iontu féin agus nach teacsanna a cumadh díreach chun pointí áirithe gramadaí a léiriú a

bheadh iontu. Is cuid de chúram an mhúinteora é pé tacaíocht atá ag teastáil ó na daltaí a thabhairt dóibh chun go mbeidh said féin ábalta tabhairt faoin téacs. Chuige seo níor mhór don mhúinteoir na deacrachtaí a thomhas roimh ré agus an cúnamh cuí a sholáthar.

### 5.5 Roghnú na dtéacsanna

Ba cheart do mhúinteoirí na pointí anseo thíos a chur san áireamh agus téacsanna á roghnú acu:

1. Go mbeadh cuspóir teagaisc cinnte ag baint le roghnú gach píosa
2. Go mbeadh réamhobair áirithe le déanamh
3. Go mbeadh tascanna áirithe indéanta ag dul le gach píosa
4. Níor ghá go dtuigfeadh na daltaí gach aon fhocal sa píosa- d'fhéadfaí codanna áirithe de a fhágáil i leataobh ag brath ar aidhm an cheachta.

Braithfidh na deacrachtaí ar an saghas téacs atá ann. Beidh sé i bhfad níos fusa ar dhaltaí é a dhéanamh amach má tá méid áirithe eolais acu faoin ábhar cheana féin. Beidh said ábalta a gcuid eolais ghinearálta a úsáid chun brí an téacs a thomhas sna codanna áirithe nach bhfuil soiléir dóibh. Fágann sé sin go mba cheart de ghnáth go mbeadh téacsanna laistigh de réimse taithí agus réimse suime na ndaltaí.

### 5.6 Samplaí den Chur Chuige

Tá go leor bealaí éagsúla ann chun déileáil le píosaí éagsúla léitheoireachta agus tá iarracht ar léiriú ar roinnt de na bealaí anseo thíos.

1. Creathlach an Scéil a thabhairt

Sa chás nach mbeadh aon chur amach acu ar an ábhar d'fhéadfaí creathlach an scéil a thabhairt dóibh roimh ré agus é seo simplithe dá mba ghá.



## Aloysius

Buachaill gan chiall darbh ainm Aloysius. Chonaic sé spáslong  
Níor chreid éinne é Daoine ag magadh faoi Lucht teilifíse  
ag cur agallaimh air É leis féin go minic Chaill sé suim sa pheil  
D’Ullmhaigh sé an pháirc don chluiche mór Nuair a tháinig na daoine  
go dtí an cluiche leath na súile orthu .....

“Aloysius”, An Punk agus Scéalta Eile, Ré O Laighléis (Cló Iar-Chonnachta).

2. Is féidir leis na daltaí a n-ainmí focal féin a úsáid freisin, m.sh. focail a bhaineann le háiteanna, focail a bhaineann le mothúcháin, srl. Mar chuid den obair ranga is féidir na haicmí sin a phlé leo mar aon leis na fáthanna ar roghnaigh said na haicmí áirithe sin. Is féidir tógáil air sin trí iarraidh orthu an scéal a chumadh iad féin leis na focail atá acu. Seo sampla bunaithe ar Chaib. 1. de Peadar Póilín, Mairtín O Corrbuí (Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, 1987).

Peadar O Coileáin, An Ghráig,  
Scoil Ailbhe, Mullach Mór, bus  
Scoile, páirceanna, carr beag  
carr mór, adharc, carranna  
stoptha, ar sceabha, tiománaí  
fir armtha, claí, bearna bheag,  
ordú.

ina chonaí, téann, siúlann  
chonaic, chuala scréacháil, bhí,  
beirigí air.

D’fhéadfadh daltaí an foclóir seo a úsáid chun briathra a chur le hainmfhocail agus a scéalta féin a chumadh. Is féidir na scéalta éagsúla a chur i gcomparáid lena chéile agus ar deireadh iad a chur i gcomparáid leis an scéal atá sa leabhar.

Is féidir aird na ndaltaí a dhíriú ar phríomhghnéithe an scéil freisin trí cheisteanna a thabhairt dóibh roimh ré ionas go mbeidh aidhm acu lena gcuid léitheoireachta, m.sh. iarraidh orthu foirm den saghas seo thíos a líonadh.

Ainm:	-----
Áit Chónaithe:	-----
Deartháireacha:	-----
Deirfiúracha:	-----
Scoil:	-----

3. Réamhcheisteanna
- (a) Ceisteanna oscailte
  - (b) Foirmeacha a líonadh
  - (c) Fíor/bréagach
  - (d) Ceisteanna ilrogha
4. Teicníocht eile atá an-chosúil leis seo is ea liosta focal ón scéal a thabhairt dóibh roimh ré agus iarraidh orthu iad a ghrúpáil, m.sh. ainmneacha a chur le chéile i ngrúpa amháin, briathra i ngrúpa eile agus mar sin de. Ina leithid seo d'alt d'fhéadfaidís focail a thagraíonn do dhaoine a phiocadh amach mar shampla:

Dá mba fúm féin a d'fhágfaí roghnú mo thuismitheoirí, ní móide gur beirt mhúinteoirí a roghnóinn. Rud amháin múinteoir a bheith agat ar scoil: rud eile ar fad iad a bheith agat sa mbaile freisin. Níor chuir sé seo isteach orm go dtí go rabhas breis agus cúig bliana, mar san am iúd ní chuirtear páistí ar scoil chomh hóg is a chuirtear anois. Cailíní, go raibh a bhformhór ag fanacht leis na páipéirí a thabharfadh go Meiriceá iad (mar go raibh gaolta go leor acu) a thugadh aire dom i rith an lae, go dtí go raibh sé in am suí i measc na naíonán i Scoil Náisiúnta Chill Rónáin.

(Nollaig Thiar – Breandán O hEithir, Poolbeg Press)

## 6. Scríbhneoireacht

### 6.1 Réamhrá

Tá an reimse scríbhneoireachta atá sa siollabas seo níos leithne ná an méid a bhí ann go dtí seo. I measc na saghsanna scríbhneoireachta a chaithfí a dhéanamh tá: foirmeacha a líonadh, cárta teachtaireachtaí, litreacha, dialann phearsanta agus – do na daoine atá in ann chuige – aistí, cuntais fhada srl (C.F. Roinn 7.2 den siollabas). Ba cheart go ndíreofaí ar fhorbairt mhothúcháinach na ndalta ionas go mbeidís ábalta iad féin agus a ndearcaidh a chur in iúl. Ba cheart freisin go mbeidís ag cur a mianta féin in iúl ón tosach in ionad a bheith ag cur abairtí le chéile nach bhfuil aon chiall leo.

Tá sé tábhachtach go mbeadh na ceachtanna oiriúnach do chumas na ndaltaí agus go mbeadh ceangal ag an scríbhneoireacht leis na gníomhaíochtaí eile.

## 6.2 Modhanna

Má tá ceacht ann faoi rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn leo, mar shampla, is féidir píosa scríbhneoireachta a bhunú air sin trí liosta focal a thabhairt dóibh agus ligean dóibh roghnú eatarthu.

Is maith liom \_\_\_\_\_

Ní maith liom \_\_\_\_\_

Cabáiste, cairéid, tornapaí, sceallóga, ispiní, burgair 7rl.
---

Is feidir tógáil air seo trí chuntas a scríobh ar na rudaí a thaitníonn le daoine eile sa ghrúpa.

Is maith le Seán \_\_\_\_\_

Is maith le Nóra \_\_\_\_\_

Beidh sé seo níos spéisiúla má bhíonn orthu an t-eolas a lorg agus a chinntiú go bhfuil an méid atá á scríobh acu fíor.

De reir a chéile féadfar dul ón scríbhneoireacht atá an-chúng agus srianta go dtí saghas scríbhneoireachta a thabharfadh níos mó saoirse do na daltaí. Is féidir, mar shampla, torthaí suirbhé a bhreacadh síos ar chairt ar dtús agus ina dhiadh sin cuntas iomlán a scríobh m.sh.

Tagann triúr ar scoil ar a rothair.

Tagann seachtar ar bhus na scoile

Tagann beirt sa ghnáthbhus 7rl.

Is féidir le daltaí cuntais phearsanta a scríobh go rialta mar dhialann. Is féidir leo seo a bheith an-simplí ag an tosach agus beidh an fhrámaíocht chéanna acu arís agus arís eile chun cuntais éagsúla a scríobh.

De réir a chéile ba choir go mbeidís ábalta cuntas measartha cuimsitheach a scríobh mar gheall orthu féin agus a dtimpeallacht.

Is mise \_\_\_\_\_

Tá \_\_\_\_\_ deartháir agus \_\_\_\_\_ deirfiúr agam.

Is maith liom \_\_\_\_\_

Ní maith liom \_\_\_\_\_

Táim ar scoil i \_\_\_\_\_ 7r1

Is féidir cur leis seo diaidh ar ndiaidh go dtí go mbeidís ábalta cur síos ar scéal a mbeatha féin.

Cleachtadh a thaitníonn le daltaí ag an leibhéal seo go minic ná go mbeadh orthu cúpla rud a scríobh mar gheall orthu féin ar pháipéir ach gan an t-ainm a chur leis. Ansin measctar na páipéir agus tugtar amach arís iad. Bíonn ar gach dalta páipéir a thógáil agus a dhéanamh amach cé leis é tar éis é a léamh.

Leagann an siollabas síos na saghsanna éagsúla scríbhneoireachta do gach leibhéal a mbeifear ag súil leo ag deireadh an chúrsa. Is gá iad seo a fhorbairt diaidh ar ndiaidh trí thacaíocht chuí a thabhairt. Tóg cártaí poist, mar shampla. Ag an tús is féidir an-chuid den chreathlach a thabhairt dóibh, m.sh.

Tá tú ar laethanta saoire. Cuir nóta chuig do chara. Luaigh cá bhfuil tú, an aimsir. Cé atá in éineacht leat?. Cad a dhéanann sibh i rith an lae?  
Cad a dhéanann sibh san oíche? Cathain a bheidh tú ag teacht abhaile?

Tá chuid mhór den fhocloir a bheidh in úsáid acu tugtha dóibh anseo. Is féidir é seo a ghrádú agus a fhorbairt de réir a chéile.

### 6.3 An Scríbhneoireacht agus Earráidí

Is féidir glacadh leis go mbeidh na chéad iarrachtaí a dhéanfaidh daltaí lochtach ó thaobh ghnásanna na Gaeilge de. Níor cheart ligean do bhotúin a bheith ina mbac ar dhul chun cinn an ranga agus be cheart iad a dhíothú trí

réamhullmhúchán agus iarobair. Caithfear a chinntiú go mbeidh foclóir 7 struchtúir atá riachtanach do phíosa scríbhneoireachta ar fail do na daltaí.

B'fhearr de ghnáth, go háirithe i gcás daltaí nach mbeadh scríobh na Gaeilge róchruinn acu, nach ndéanfaí gach botún a cheartú ach go ndíreodh an t-oide ar roinnt bheag díobh (3 no 4 cinn b'fhéidir) i gcás gach ceachta. Tiocfaidh daltaí i dtreo an chruinnis diaidh ar ndíadh agus b'fhearr go mbeadh an taithí acu ar iad féin a chur in iúl trí mheán na scríbhneoireachta ná go mbeidís gan a leithéid de thaithí.

## 7 **Prós and Filíocht**

Maidir leis an bprós agus leis an bhfilíocht tá sé i gceist gur ábhar taitneamhach nua-aimseartha a bheadh in úsáid sa rang. Beidh saoirse ag múinteoirí a dtéacsanna féin a roghnú (c.f. 1th. 11 den siollabas). I dtaca lena bhfuil ráite sa siollabas faoi chuspóirí measúnaithe ó thaobh ardleibhéil de (c.f. 1th. 45) tugtar an méid seo a leanas mar threoir maidir leis an bprós.

Ba cheart go ndéanfadh daltaí, i rith na dtrí bliana, staidéar

- (a) ar ocht ngearrscéal  
nó
- (b) ar úrscéal amháin  
nó
- © ar dhráma(i)  
nó
- (d) ar chumasc cuí de (a), (b) agus (c)

Maidir leis an bhfilíocht, ba cheart go ndéanfadh daltaí, i rith na dtrí bliana staidéar ar dheich ndán

Níor mhór a thuiscint nach bhfuil a bhac ar mhúinteoirí sleachta oiriúnacha próis agus filíochta a roghnú agus a dhéanamh le ranganna nach mbeadh ag gabháil don ardchúrsa. Ba choir, a oiread agus is féidir, go mbeadh an obair seo ceangailte le gnéithe eile den chúrsa agus gur chuid lárnach den aonad múinteoireachta í.

## 8. **Ábhar Staidéir Bhreise**

Tá liosta topaicí breise molta sa siollabas do lucht an ardleibhéil. Níl sna liostaí atá sa siollabas, áfach, ach samplaí den sort ábhair a bhféadfaí staidéar a

dhéanamh orthu agus má tá ábhar eile nach bhfuil luaithe anseo a thaitneodh le múinteoirí agus daltaí beidh lánchead acu tabhairt faoi.

Is í an phríomhaidhm atá leis seo ná páistí a chur ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge. Tagann sé seo leis an bprionsabal gur fearr a shealbhaíonn daoine teangacha má bhíonn orthu iad a úsáid.

Moltar tabhairt faoin obair seo i bhfoirm tionscadail. Chuige seo is fearr iarraidh ar dhaltaí an t-ábhar a roghnú agus a n-aidhmeanna don tionschamh a shainiú. Níor mhór an t-eolas a bhailiú agus a chur le chéile ansin i bhfoirm atá sothuigte agus soiléir. Ar deireadh ba choir go mbeidís ábalta teacht ar chonclúid oiriúnach agus na himpleachtaí a mheas.

O thaobh aidhmeanna múinteoireachta de is iad seo leanas na pointí is tábhachtaí.

1. Go gcaithfeadh daltaí tamall ag déanamh staidéir trí mheán na Gaeilge ar ábhar ina gcuirfidís féin suim.
2. Go bhfaighidís breis eolais mar gheall ar an ábhar sin.
3. Go mbeidhís ábalta an t-eolas sin a chur i láthair agus a phlé trí mheán na Gaeilge.
4. Go n-aithneoidís gur teanga í an Ghaeilge agus gur chun í a úsáid a dhéantar staidéar uirthi.
5. Go gcothófaí muinín, bród agus ábaltacht sna daltaí ionas go mbeidís réidh agus inniúil chun an Ghaeilge a úsáid.

## **9. Aonad Múinteoireachta**

Topaic – Laethanta Saoirse

Moltar d’oidí a gcuid múinteoireachta a eagrú de réir aonad. Lastigh d’aon aonad múinteoireachta níor cheart faille a dhéanamh i gceann ar bith de na ceithre scil teanga cé nach gá go mbeadh cothromaíocht iomlán i gcónaí eatarthu. Níl aon ord deimhneach ann maidir le chur i láthair ceachta. Tá an tsaoirse ag an múinteoir aon aonad a thosú le hábhar cluastuisceanna nó le léitheoireacht nó le píosa cainte nó eile. Braithfidh an pointe tosaithe ar an rang agus ar ábhar an cheachta. Níl sna

céimeanna anseo thíos ach slí amháin a bhféadfaí tabhairt faoi aonad a mhúineadh.

### **Céim 1**

D'fheadfaí ceacht mar “Laethanta Saoire” a thosú le fuaimeanna ar théip is gan aon cheist ar an téip in aon chor. Bheadh ar na daltaí a dhéanamh amach cad é go díreach a bhí ar siúl – go bhfuil said ag an stáisiún traenach, ag an aerfort, i linn snámha, i mbialann srl. D'fhéadfaidís na fuaimeanna a mheaitseáil le pictiúir mura mbeidís ábalta mórán a rá mar gheall ar a mbeadh cloiste acu.

### **Céim 2:** Guthanna ar théip.

Faoin am seo bheidís tar éis teacht ar chuid den bhunfhoclóir agus ní bheadh ach réimse teoranta teanga ar an téip nach raibh cloiste nó feicthe acu cheana féin.

Ar an téip d'fhéadfadh daoine a bheith

- (a) Ag fiafraí mar gheall ar áiteanna éagsúla
- (b) Ag cur suíocháin in áirithe
- (c) Ag lorg eolais faoi thraenacha
- (d) Ag lorg eolas na slí, srl.

D'fhéadfaí cleachtaí a bhunú ar na saghsanna seo comhráithe de réir na samplaí a tugadh thuas (cf. Cluastuiscint).

### **Céim3:** Comhráite Struchtúrtha (cf.lth.7 thuas)

Roghnódh an múinteoir suímh atá gaolmhar leis na cinn a bhí ar na téipeanna agus leagfadh sé comhrá struchtúrtha amach ach ag cinntiú gur fhág sé rogha áirithe ag na daltaí. D'fhéadfaí an chuid seo den cheacht a ghrádú de réir chumas an ranga.

### **Céim 4:** Rólghlacadh (obair bheirte)

Is féidir cártaí a thabhairt do dhaltaí ag tabhairt rólanna dóibh a bheadh bunaithe ar an obair a bhí déanta go dtí sin, m.sh.

Tá tú ag obair in Oifig na dTicéad ag an stáisiún traenach. Tá bean ag teacht chugat

Tá tú ag dul to Gaillimh. Ceannaigh ticéad fillte in Oifig na dTicéad

Tá tú ag obair in Oifig Aer Lingus in Aerfort na Sionna. Tá paisinéar ag teacht chugat.

Tá tú ag teacht ar ais taréis do laethanta saoire. Bhí dhá mhála agat, bronntanais i gceann acu. Níor tháinig isteach ón eitleán chugat ach mála amháin.

Ar ndóigh, is féidir cártaí den saghas seo a ghrádú de réir chumas an ranga.

### **Céim 5:** Obair Scríofa

Cártaí

“ Tá tú ar do laethanta saoire. Cuir cárta poist abhaile.

Luaigh .....”.

### **Cuntais**

Má tá an rang ábalta chuige d’fhéadfaidís cuntais ghearra a scríobh ar laethanta saoire a bhí acu nó ar áiteanna ar mhaith leo cuairt a thabhairt orthu nó ar a gceantair fein – rudaí a thaitníonn leo faoin gceantar agus rudaí nach dtaitníonn.

D’fhéadfaidís dialann faoi laethanta saoire a scríobh – bíodh sí seo réadúil nó samhlaíoch.

### **Céim 6.** Ábhar Léitheoireachta

Má tá an rang ábalta chuige agus má tá ábhar oiriúnach léitheoireachta ar fail d’fhéadfaí é a dhéanamh leo ag an bpointe seo. Is féidir feidhm a bhaint as an léitheoireacht chun caint agus díospóireacht a spreagadh sa rang nó chun breis scríbhneoireachta a spreagadh.



## Tagairtí

Anseo thíos tá gearrliosta de thagairtí a bheadh úsáideach don mhúinteoir a dteastódh uaidh a thuilleadh léitheoireachta a dhéanamh ar mhúineadh teangacha.

Anderson, A. and T. Lynch. Listening. O.U.P. 1988.

An Múinteoir Teanga: ar fail ó Institiúid Teangeolaíochta Éireann, 31, Plás Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2.

Devitt, S.M. Learning a Foreign Language Through the Media  
Occasional Paper II, CLCS, Coláiste na Tríonóide, B.A.C. 1986.

Dunn V. and Diann Gruber. Listening – Intermediate. O.U.P. 1987

Grellet, F. Developing Reading Skills. C.U.P. 1981

Ní Chéilleachair, M. “An Siollabas Nua”, ar fail go luath.

Ní Nuadháin, N. “Authentic Texts in the Second Language”,  
Proceedings of the 12<sup>th</sup> Annual Conference of the Reading Association of Ireland,  
lth 215 – 231.

Ní Nuadháin, N. “Fíorthéacsanna – léitheoireacht shimplí ach úsáideach don léitheoir mall”,  
Learn 1988, lth 55-65.

Norman, D., U. Levihn and J.A. Hedenquist. Communicative Ideas,  
Language Teaching Publications, 1986.

Pattison, P. Developing Communicative Skills, C.U.P. 1987.

Shiels, J. Communication in the Modern Languages Classroom.  
Comhairle na hEorpa, 1988 (Ar fail ó ITE).

Teagasc na Gaeilge, Comhar na Múinteoirí Gaeilge (Sraith).

Wright, A., D. Betteridge and M. Buckby. Games for Language Learning,  
C.U.P. 1984.

